

Ceacht 14: “Magadh ‘tá tú!’: Bá agus focalbhá



An cuimhin leat?

Dul siar ar ábhar an fhíseáin:
Bá agus focalbhá a mhíniú



Feasacht teanga

Bá agus focalbhá a aithint sa
Bhéarla agus sa Ghaeilge



Scileanna cumarsáide

Cleachtadh ar an mbá agus ar
an bhfocalbhá sa chaint.

Nóta: Tá an ceacht seo bunaithe ar fhíseán 14 den tsraith SnasTV Ros na Rún. D’fhéadfá na cleachtaí a dhéanamh i seomra ranga nó mar chuid den fhoghlaim neamhspleách, tar éis duit féachaint ar an bhfíseán.

A. An cuimhin leat?

San fhíseán a bhaineann leis an gceacht seo, chaith muid spotsolas ar dhá thréith shuntasacha den teanga labhartha – bá (*elision*) agus focalbhá (*ellipsis*). Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí faoi na tascanna thíos le chéile.

1. Déanaigí iarracht míniú a thabhairt ar bhá agus ar fhocalbhá, bunaithe ar an eolas a bhí san fhíseán:

Bá: _____

Focalbhá: _____

2. An cuimhin libh cuid de na comhthéacsanna ina mbíonn bá agus focalbhá i gceist sa Ghaeilge labhartha, de réir an eolais atá san fhíseán? Déanaigí iarracht cuimhneamh ar thrí chomhthéacs ina mbíonn bá i gceist agus comhthéacs amháin ina mbíonn focalbhá i gceist. Féachraigí ar an bhfíseán arís más gá!

Is minic a bhíonn **bá** i gceist sna comhthéacsanna seo a leanas sa Ghaeilge:

(a) _____

(b) _____

(c) _____

Is minic a bhíonn **focalbhá** i gceist sa chomhthéacs seo a leanas sa Ghaeilge:

(d) _____

3. Cén bhrí eile atá leis an bhfocal ‘bá’ sa Ghaeilge? Cuardaígí san fhoclóir é, mura bhfuil sibh cinnte. Cén fáth a n-úsáidtear an focal céanna sin do na gnéithe seo den teanga labhartha, dar libh?

B. Feasacht teanga

1. Bá agus focalbhá sa Bhéarla

Féach ar na habairtí seo thíos sa Bhéarla. Abair go gasta iad, amhail is go bhfuil tú ag caint le cara leat. Cén difríocht atá idir an bealach a scríobhtar iad agus an bealach a ndeirtear iad? An bhfuil fuaimneanna nó focail a fhágatar ar lár? Déan iarracht iad a scríobh mar a déarfá iad sa chaint thapa neamhfhoirmiúil. Tá an chéad cheann déanta mar shampla duit. Abair amach ansin iad leis an duine in aice leat.

- What are you doing?
- What do you want to do?
- Who are you going to call?
- I do not know what I am going to do.
- I will chat to you later.
- I wonder what she is going to say.
- Have you seen my bag?
- Do you want a drink?

What ‘ya doin’?

Ar chas tú riamh le foghlaimeoirí a labhair Béarla díreach mar a scríobhtar é, .i. gach focal agus fuaim a rá, gan aon bhá ná focalbhá? Cén chuma a chuir sé sin ar a gcuid cainte? An dóigh leat gur cheart d’fhoghlaimeoirí teanga foghlaim faoin mbá agus focalbhá?

2. Bá sa Ghaeilge: dul siar

(a) ‘ag’ + ainm briathartha dar túis consan:

Mar a d’fhoghlaim tú ón bhfíseán, is minic nach bhfuaimnítear an ‘g’ san fhocal ‘ag’ nuair a thagann sé roimh ainm briathartha a thosaíonn ar chonsan. Féach ar na samplaí seo thíos agus déan buille faoi thuairim an mbeadh an ‘g’ le cloisteáil. Déan iarracht iad a rá amach os ard.

ag caint	ag imeacht	ag teacht	ag ní
ag ól	ag gáire	ag iarraidh	ag caitheamh
ag déanamh	ag rá	ag dul	ag éirí

(b) An t-alt ‘an’ roimh chonsan

Tarlaíonn an rud céanna leis an alt ‘an’ nuair a thagann sé roimh chonsan. Féach ar na samplaí thíos agus déan buille faoi tuairim an mbeadh an ‘n’ le cloisteáil sa ghnáthchaint. Léigh na samplaí amach os ard.

an clog	ar an gclog	uair an chloig
an post	leis an bpost	fear an phoist
an t-earrach	roimh an earrach	tús an earraigh
an lá	ar an lá	deireadh an lae
an t-athair	ar an athair	ainm an athar

(c) Gutaí ag teacht le chéile

Mar a luadh san fhíseán, nuair a thagann dhá ghuta le chéile, ag deireadh focal amháin agus ag tús focal eile, is minic nach bhfuaimnítear ceann amháin acu.

Tabhair faoi deara, áfach, nach mbáitear gutaí aiceanta, .i. gutaí a mbíonn béim orthu san fhocal, de ghnáth. Féach ar na samplaí thíos:

duine óg: Is gutaí neodrach é an ‘e’ ag deireadh ‘duine’ agus ní chuirtear béim air san fhocal. Gutai neamhaiceanta é, mar sin, agus báitear é nuair a bhíonn gutaí eile ag teacht ina dhiadair.

cailíní óga: Cé go bhfuil dhá ghuta ag teacht le chéile anseo ag deireadh ‘cailíní’ agus ag tús ‘óga’, ní bháitear ceachtar acu, toisc gur gutaí fada é ‘í’ agus toisc go gcuirtear béim ar thús an fhocail ‘óga’. Cloistear an dá ghuta mar sin.

Féach ar na habairtí seo a leanas ó script Ros na Rúnanois agus déan buille faoi thuairim an mbeadh bá i gceist sna háiteanna a bhfuil dhá ghuta ag teacht le chéile idir dhá fhocal.

- Imelda, mise atá anseo arís!
- Tá imní uirthi faoi Bhrian.
- Ní éisteoidh sé liom!
- Níl an misneach aici é a dhéanamh.
- Ní raibh duine ar bith eile ann.
- Feicfidh mé ar ball sibh.
- Ní hin cruthúnas go ndearna sí é.

(d) Focalbhá:

Cén focal atá fágtha ar lár sna samplaí seo thíos ó Ros na Rún?

- Cara maith liom é Fiach.
- Brón orm faoi sin.
- Ndeachaigh tú go dtí'n dochtúir?
- Tiománaí heacnaí mé.
- Maith an rud gur chas mé leat taobh amuigh...
- 'Tú i d'aonar?
- Tú cinnteanois nach bhfuil mála uait?

3. Cuir gach rud le chéile!

Anois féach arís ar an script thíos ó Ros na Rún, a chonaic tú cheana i gceacht 11. Tá ar a laghad 20 sampla den bhá nó den fhocalbhá sa mhír bheag sin! Bí ag cuimhneamh ar na pointí eolais ar fad a d'fhoghlaím tú ón gceacht seo agus déan iarracht buille faoi thuairim a thabhairt cad iad na fuaiméanna nó na focail a fhágatar ar lár sa chaint. Is féidir féachaint ar an mír agus tú ag obair ar an gceacht seo, agus í a sheinm ar luas níos moille más maith leat.

Tony: Níl a fhios agam, a Bherni. Tá mise a cheapadh go mb'fhéidir gurbh fhearr dúinn gan scaradh ar chor ar bith.

Berni: No, no, Tony, caithfidh muid cloí leis an bplean. Agus ar aon chuma, nach dtabharfaidh sé seo deis duitseanois Marge as Ciarraí a mhealladh?

Tony: Cé? Ó Marge, sea, bhuel.... Céard faoi thíocht suas le plean sa gcaoi is go mbeidh mise ag breathnú go maith? Tá a fhios agat féin... nuair a bheas an *row* againn, go mbeadh tusa ag imeacht agus tú ag rá, 'Á Tony, Tony, is ormsa atá an locht, a Tony. Ní ortsá atá an locht. Tá tú rómhaith domsa.' An bhfuil a fhios agat? Rudaí ar an gcaoi sin.

Berni: Togha. Más sin atá uait.

C. Abair amach é!

Bígí ag obair i mbeirteanna agus glacaigí róil Bherni agus Tony. Déanaigí cleachtadh le chéile ar an gcomhrá thusa agus déanaigí iarracht na samplaí ar fad den bhá agus den fhocalbhá a léiriú in bhur gcuid cainte féin.

Treoracha agus freagraí samplacha ar na cleachtaí:

A: An cuimhin leat?

1. Sainmhíniú ar bhá agus ar fhocalbhá:

Bá: Fuaiméanna, litreacha nó siollaí a fhágáil ar lár sa chaint.

Focalbhá: Focail iomlána a fhágáil ar lár sa chaint.

2. Is minic a bhíonn **bá** i gceist sna comhthéacsanna seo a leanas sa Ghaeilge:

- (a) gutaí ag teacht le chéile
- (b) agam, agat, agaibh i gcanúint Chonnacht
- (c) ag + ainm briathartha dar túis consan

Is minic a bhíonn **focalbhá** i gceist sa chomhthéacs seo sa Ghaeilge:

- (d) Ag túis ceiste nó abairte, m.sh. (An) bhfaca tú í? (An ag) magadh atá tú?

3. Mar a léiríonn an iontráil thíos ó teanglann.ie, ciallaíonn an focal ‘bá’ *drowning* nó *immersion*.

Bíonn fuaiméanna áirithe báite i sruth na cainte, mar sin.

bá³, *m.* (*gs. as s. ~, as vn. ~ite*).**1.** *vn. of* BÁIGH¹. **2.** Drowning. *S.a.* POLL¹⁵, 6.**3.**

Immersion, inundation; submergence. **4.** Quenching. ~ **tarta**, quenching of thirst. *S.a.* BEACH³. **5.** *Ling*: Elision.

B. Feasacht teanga

1. Bá agus focalbhá sa Bhéarla: Freagraí samplacha

• What are you doing?	<i>What ya doin'?</i>
• What do you want to do?	<i>What ya wanna do?</i>
• Who are you going to call?	<i>Who ya gonna call?</i>
• I do not know what I am going to do.	<i>Dunno what I'm gonna do.</i>
• I will chat to you later.	<i>Chat t'ya later/ Chatcha later.</i>
• I wonder what she is going to say.	<i>Wonder what she's gonna say.</i>
• Have you seen my bag?	<i>Seen my bag?</i>
• Do you want a drink?	<i>Wanna drink?</i>

Plé agus tuairimíocht atá sna ceisteanna eile.

2. Bá sa Ghaeilge: dul siar

(a) ‘ag’ + ainm briathartha dar túis consan:

- Ní fhuaimnítear an ‘g’ san fhocal ‘ag’ roimh ainm briathartha dar túis consan, m.sh.
ag caint; ag teacht; ag ní; ag gáire; ag caitheamh; ag déanamh; ag rá; ag dul.
- Fuaimnítear an ‘g’ san fhocal ‘ag’ roimh ainm briathartha a thosaíonn ar ghuta, áfach, m.sh. **ag**imeacht; **ag** iarraidh; **ag** ól; **ag** éirí.

(b) An t-alt ‘an’ roimh chonsan:

- Ní chloistear an ‘n’ san alt ‘an’ roimh chonsan, de ghnáth, m.sh.: **an** clog; ar **an** gclog; uair **an** chloig; **an** post; leis **an** bpost; fear **an** phoist; **an** t-earrach; **an** lá; ar **an** lá; deireadh **an** lae; **an** t-athair
- Cloistear an ‘n’ sin roimh ghuta, áfach: roimh **an** earrach; túis **an** earraigh; ar **an** athair; ainm **an** athar

(c) Gutaí ag teacht le chéile:

- Báitear na gutaí neamhaiceanta/ na gutaí nach bhfuil béim orthu sna samplaí seo a leanas:
 - Imelda, mise atá anseo arís!
 - Níl an misneach aicé a dhéanamh.
 - Ní raibh duinee ar bith eile ann.
 - Feicfidh mé ar ball sibh.
- Cé go bhfuil gutaí ag teacht le chéile ag deireadh focal amháin agus ag túis focal eile sna samplaí thíos, is gutaí fada nó gutaí aiceanta (gutaí a bhfuil béim orthu san fhocal) atá i gceist i ngach cás, agus ní bháitear iad dá bharr.
 - Tá imní uirthi faoi Bhrian.
 - Ní éisteoidh sé liom!
 - Ní hin cruthúnas go ndearna sí é.

(d) Focalbhá:

- (Is) cara maith liom é Fiach.
- (Tá) brón orm faoi sin.
- (An) ndeachaigh tú go dtí (a)n dochtúir?
- (Is) tiománaí heacnaí mé.
- (Is) maith an rud gur chas mé leat taobh amuigh...
- (An bhfuil) tú i d'aonar?
- (An bhfuil) tú cinnte anois nach bhfuil mála uait?

3. Cuir gach rud le chéile!

Tony: Níl a fhios agam, a Bherni. Tá mise a cheapadh go mb'fhéidir gurbh fhearr dúinn gan scaradh ar chor ar bith.

Berni: No, no, Tony, caithfidh muid cloí leis a n bplean. Agus ar aon chuma, nach dtabharfaidh sé seo deis duitse anois Marge as Ciarraí a mhealladh?

Tony: Cé? Ó Marge, sea, bhuel.... Céard faoi thíocht suas le plean sa gcaoi is go mbeidh mise ag breathnú go maith? Tá a fhios agat féin... nuair a bheas a n row againn, go mbeadh tusa ag imeacht agus tú ag rá, 'Á Tony, Tony, ormsa atá a n locht, a Tony. Ní ortsa atá a n locht. Tá tú rómhaith domsa.' An bhfuil a fhios agat? Rudaí ar a n gcaoi sin.

Berni: Toghaa. Más sin atá uait.



Ceacht 14: Script an fhíseáin “Magadh ‘tá tú!”: Bá agus focalbhá

Fáilte chuig SnasTV Ros na Rún. Ceacht 14: Magadh ‘tá tú – Bá agus focalbhá

San fhíseán seo, caithfidh muid spotsolas ar cheann de na tréithe is suntasaí den teanga labhartha – is é sin an dóigh a bhfágann cainteoirí líofa fuaimneanna nó focail áirithe ar lár nuair a bhíonn siad ag labhairt go gasta. Báitear fuaimneanna áirithe i sruth na cainte! *If you listen to fluent speakers speaking quickly, you'll notice that they don't pronounce every word or sound. Some sounds get drowned or lost in the flow.* Tugtar ‘bá’ (elision) agus ‘focalbhá’ (ellipsis) ar na nósanna seo.

Ar ndóigh, tá na nósanna seo coitianta i dteangacha eile freisin. Dá mbeifeá ag caint le cara i mBéarla, mar shampla, seans maith gur *dunno* seachas *I don't know* a déarfá. Sa Fhraincis freisin, ní minic a deirtear *je ne sais pas* ach *je sais pas*.

Cuireann sé seo le líofacht an tsrutha cainte, ach is féidir leis cur leis an deacracht a bhíonn ag foghlaimeoirí caint nádúrtha a thuiscint. *This is one of the things that can make it more difficult for learners to understand fluent, natural speech, so it's important to be aware of it to improve your listening skills and your fluency.*

Sa Ghaeilge, bíonn an nós seo an-choitianta, go háirithe nuair a bhíonn gutaí ag teacht le chéile ag deireadh focal amháin agus ag túis an chéad fhocail eile. Ritheann an dá fhocal isteach ina chéile.

Is féidir é a chloisteáil freisin sna focail ‘agam’, ‘agat’, ‘againn’ i gcanúint Chonnacht, áit nach bhfuaimnítear an ‘g’ de ghnáth: a’m, a’t, a’ainn.

Éist leis an sampla seoanois. *Notice the sounds that are written but not pronounced.*

Mír 1: Tadhg:

Cén chaoi a mbeadh a fhios agam sa cá bhfuil sí?

Is minic chomh maith nach bhfuaimnítear an ‘g’ san fhocal ‘ag’ roimh ainm briathartha a thosaíonn ar chonsan. Tabhair faoi deara sa phíosa seo go gcloistear an ‘g’ roimh ‘iarraidh’ ach nach bhfuaimnítear an ‘g’ roimh ‘smaointíú’, ‘déanamh’ agus ‘caint’.

Mír 2: John Joe agus Noreen:

- John Joe: Caidé a raibh tú ag smaointíú air?
Noreen: Bhuel ní raibh mé ag iarraidh daoine ag déanamh gur drochdhuiine a bhí in Deirdre.
John Joe: Ach tá rudaí déanta i bhfad níos measa agat!
Noreen: Caidé a bhfuil tú ag caint air?

Tarlaíonn an rud céanna go minic leis an ‘n’ san fhocal ‘an’. Éist leis an tslí a ndeir Berni ‘leis an bplean’ nó an tslí a mbáitear an ‘n’ in ‘an locht’.

Mír 3: Tony & Berni:

Tony: Ní ortsatá an locht.

Berni: No, no, Tony, caithfidh muid cloí leis an bplean.

Uaireanta fágtaí focal iomlán ar lár nuair atá sé soiléir ón chomhthéacs cad é atá i gceist. Tarlaíonn sé seo go háirithe ag túis abairtí. Is minic nach ndeirtear na focail ‘An’ nó ‘Ar’ ag túis ceisteanna sa chaint neamhfhoirmiúil. Éist leis na samplaí seo.

Mír 4:

Niall: Magadh atá tú!

Mír 5:

Colm: Tá Mo imithe. Bhfaca tú í?

Déan iarracht an nós seo a thabhairt faci dearaanois, agus tú ag éisteacht le cainteoirí líofa as seo amach! Más mian leat script an cheachta seo a fheiceáil nó tuilleadh cleachtaí ar ábhar an cheachta, téigh go dtí snas.ie.



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus Meáin
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscoláiochta



STRAITÉIS 20 BLIAIN DON
GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bpobal



Crannchur
Náisiúnta